EAGRÁN 50 EANÁIR 2019

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN



Déanfar seoladh ar an leabhar nua-fhoilsithe 'Táin Bó Mhaigh Eo – Táin Bó Fliodhaise' in Ionad Ealaíne Bhéal an Átha ar Lá Fhéile Bríde, 1ú Feabhra. Idir an dá linn tá cóipeanna le fáil ó oifig Chomhar Dún Chaocháin. The newly-published book *Táin Bó Mhaigh Eo – The Cattle Raid of Mayo* which describes the history and heritage of the Táin Bó Fliodhaise will be officially launched in Ballina Arts Centre on Friday, 1st February next. In the meantime, copies are available from the office of Comhar Dún Chaocháin Teo. Further information on page 10.

*** Nuachtlitir Áitiúil**

*** A Community Newsletter**

*** Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal**

*** Published four times a year**

*** Provides a voice for the local community and an update on development issues**

San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála – Contact Details	**2**
Súil Siar – Annual Review	**3-7**
Ráiteas ó Ghaeilge Iorrais	**7**
Scéalta Eile – Other News	**8-9**

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlór na nGael)

Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn / The Management Committee

Cathaoirleach:	Bríd Ní Sheighin
Rúnaí:	Seán Mac Aindriú
Cisteoir:	Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile:	Micheál Ó Seighin, Micheál Ó Murchú, Micheál de Búrca, Caitlín Uí Sheighin, Uinsíonn Mac Graith agus Séamus Ó Murchú.

Ráiteas Misin / Mission Statement

Is comharchumann forbartha pobail é Comhar Dún Chaocháin Teo atá cláraithe le Clárlann na gCarachumann. Tá sé mar ráiteas misin aige oibriú go gníomhach ar shon forbairt theangeolaíocha/chultúrtha, bhonneagartha, oideachasúil agus shóisialta paróiste Chill Chomáin agus acmhainní nadúrtha agus daonna an cheantair a fhorbairt ar bhealach chomhtháite. Ag comhoibriú le Coiste Ghlór na nGael, grúpaí forbartha áitiúla agus eagraisí éagsúla stáit tá roinnt tograí curtha i gcrích go dáta.

Comhar Dún Chaocháin Teo is a community development co-operative which is registered with the Registry of Friendly Societies. Its mission is to work in a proactive way to promote the linguistic/cultural, infrastructural, educational and social development of the parish of Cill Chomáin and to develop in an integrated way the material and human resources of the area. Working in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, local development groups and various state agencies a number of projects have been undertaken to date.

Ionad Eolais / Information Office

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg áit a bhfuil na seirbhísí seo a leanas le fáil:-

Eolas agus comhairle do choistí pobail maidir le ról na n-eagras forbartha, conas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe &rl.

Foirmeacha iarratais ar scéimeanna éagsúla mar shampla deiseanna traenála &rl.

Seirbhísí cóipéala, laminating agus facs

Seirbhísí eolais do chuairteoirí - léarscáileanna, bróisiúirí, leabhráin, dlúthdhioscanna, cártaí poist, leabharlann d'ábhar béaloideasa agus liteartha Gaeilge, taispeántas grianghraif &rl.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg where the following services are available:-

Information and assistance to community groups in relation to the role of development agencies, developing and managing projects, sourcing funding etc.

Application forms on various schemes including training opportunities etc.

Photocopying, laminating and fax services.

Visitor information including maps, brochures, booklets, CD ROMs, postcards, a library of folklore and Irish language material, photographs etc.

Guth an Phobail / Have Your Say

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais. Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information. We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next issue.

Déan teagmháil le **Treasa Ní Ghearraigh, Comhar Dún Chaocháin Teo,**
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Guthán: 097 88082 **Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net**

Tá súil againn go raibh Nollaig deas agaibh agus athbhliain faoi sheán agus faoi mhaise. San eagrán seo den Nuachtlitir caitheann muid súil siar ar na tionscnaimh a bhí idir láimhe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i 2018.

We hope you had an enjoyable Christmas and wish you all a happy and healthy new year. In this issue of the Newsletter we glance back on the projects that were undertaken by Comhar Dún Chaocháin Teo in 2018.

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Súil Siar / Annual Review

Ag cruinniú cinnbhliana Chomhar Dún Chaocháin Teo sa Seanscoil ar an 28ú Samhain rinneadh cur síos ar obair na bliana 2018.

Tá caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ar cheann de na príomhspriocanna atá ag Comhar Dún Chaocháin Teo. Eagraítear cúrsaí Gaeilge agus seirbhísí aistriúcháin in Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil acmhainní tacaíochta foghlama le fáil. Tá an comharchumann páirteach sa ghrúpa 'Gaeilge Iorrais' atá roghnaithe ag Údarás na Gaeltachta mar cheanneagraíocht pleanála teanga do Limistéar Mhaigh Eo Thuaidh. Eagraíodh imeachtaí éagsúla teanga-bhunaithe mar chuid de 'Seachtain na Gaeilge', i gcomhar le Conradh na Gaeilge, chomh maith.

I measc na spriocghrúpaí a dhéanann an comharchumann freastal orthu tá páistí réamhscoile. Is seirbhísí réamhscoile trí Ghaeilge iad Naíonra Dhún Chaocháin, atá lonnaithe sa Seanscoil, agus Naíonra Ghleann na Muaidhe atá lonnaithe in ionad tacaíochta teaghlaigh ag Bun Altaí. Faigheann na tograí cúraim leanaí seo airgeadú ón gClár Infheistíochta Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá faoi chúram na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus atá maoinithe ag Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Cuireann Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach), Coiste Cúraim Leanaí Chondae Mhaigh Eo agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo tacaíocht agus comhairle ar fáil.

I mí Iúil eagraíodh campaí samhraidh i Ros Dumhach agus i nGleann na Muaidhe i gcomhar le Muintearas Teo, faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta. Is í an Ghaeilge an teanga feidhme sna campaí, a chuireann imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha ar fáil do pháistí réamhscoile agus bunscoile an cheantair.

Is feachtas féin-chabhrach Na Comhluadair Bheo a bhfuil sé mar aidhm aige próifil an cheantair mar tháirge nó mar cheann scríbe turasóireachta a ardú. Tá suíomh cuimsitheach idirlíne ina ghné thabhachtach den bhfeachtas margaíochta atá le feiceáil ag www.gaeltacht.info áit a bhfuil rogha pacáistí saoire le fáil le freastal ar ghrúpaí éagsúla.

Ar chuireadh ó Ghaeltacht an Oileáin Úir (pobal Gaeltachta atá lonnaithe i Ontario i gCeanada) thug beirt ionadaí ó Chomhar Dún Chaocháin Teo cuairt ar Thalamh an Éisc ag deireadh Bealtaine áit ar chas siad, maraon le daoine eile, le grúpaí éagsúla pobail. Tá moladh dá dhéanamh cónascadh a dhéanamh idir Ghaeltacht an Oileáin Úir agus Ceathrú Thaidhg.

Tá Siúlóidí Ceathrú Thaidhg (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh agus Lúb na Binne Buí) ag mealladh cuairteoirí isteach sa gceantar agus eagraíodh siúlóidí treoraithe i rith na bliana. Ag tosnú amach agus ag críochnú ó lárionad na Seanscoile, tá gach siúlóid treormharcáilte le dath difrúil ag brath ar a dianacht. Déanann clár eolais agus bróisiúr dá-theangach ildaite cur síos ar sonraí na mbealaí agus ar phointí suimiúla. I mí Dheireadh Fómhair cheadaigh

Comhairle Chondae Mhaigh Eo €6225 faoin gClár Athnuachana Pobail 2018 le hoibreacha feabhsúcháin agus athnuachana a dhéanamh ar na siúlóidí seo ar mhaithe le chuile dhuine a bhaineann úsáid astu.

Scéal ársa atá sa Táin Bó Fliodhaise a dhéanann cur síos ar an tslí a lean arm Mheadhbh, ó Ráth Chruacháin i gCondae Ros Comáin isteach go Ráth Muireagáin in Iorras ar ruaig chreiche eallaigh. Tá go leor dul chun cinn déanta ag an ngrúpa oibre chun na féidearthachtaí teangeolaíocha, cultúrtha agus turasóireachta a fhorbairt ina measc:- nascanna cruthaithe le pobal Argyll in Albain, féile deireadh seachtaine agus síompóisiam eagraithe i mí Meitheamh, bróisiúr ildaite agus leabhar cuimsitheach foilsithe, taispeántas ealaíne agus suirbhéanna ar na féidearthachtaí siúlóide arl.

Ar Oíche Chultúir Náisiúnta, an 21ú Meán Fómhair, eagraíodh taispeántas ealaíne in Áras Inis Gluaire, Áisleann Bhéal an Mhuirthead ar an téama 'Landscapes of the Gamhanraidh in Erris and Beyond' le ábhar ó Diana Taylor, Anthony Brogan agus páistí bunscoile ó scoileanna náisiúnta Gleann na Muaidhe, Ros Dumhach agus Ceathrú Thaidhg ag léiriú an tírdhreach agus na láithreáin seanda atá ceangailte le Táin Mhaigh Eo. Ba í an Seanadóir Rose Conway Walsh a rinne an seoladh oifigiúil.

Ag Barr na Rinne, os cionn Cuan Phort a' Chlóidh, bhí foirgneamh beag a dtugtaí Teachaín a' Watch air. Mar chéim chosanta thóg Seirbhís na nGardaí Cósta na tithe faire seo ar feadh an chósta chun súil a choinneáil ar na báid cogaidh i rith an Dara Cogadh Domhanda. Faraoir, leag stoirm an foirgneamh stairiúil seo go talamh. Rinne an coiste fiosrúcháin leis na heagraíochtaí cuí, le fáil amach arbh fhéidir an foirgneamh a ath-thógáil agus a chaomhnú. Thug Cór an Aeir le fios go mbeadh sé ag iompar an ábhair tógála chomh fada leis an suíomh go mall san Earrach.

Mar pháirt de Seachtain Oidhreachta Náisiúnta eagraíodh caint agus taispeántas sleamhnáin sa Seanscoil leis an Dochtúir Micheál Ó Cinnéide, cartlannaí sa gCartlann Míleata, ar scéal agus ról na dtithe faire. Rinne Rannóg Oidhreachta an Chomhairle Chondae maoiniú ar an imeacht.

Thug go leor grúpaí cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i rith na bliana ina measc scoláirí ó Ollscoil Boston, in éineacht lena stiúrthóir acadúil Dr. Rita Ní Dhonnchadha. Tá na scolairí, atá ag déanamh staidéir ar Chúrsaí Oidhreachta, ag caitheamh téarma in Ollscoil na hÉireann Gaillimh mar pháirt dár dtaithí staidéir thar lear. Thug Uinsíonn Mac Graith na grúpaí ar thuras treoraithe le léargas a thabhairt dóibh ar oidhreacht agus ar chultúr na háite.

Ag deireadh mhí Iúil eagraíodh clár imeachtaí deireadh seachtaine ag comóradh an Bhunoideachais i nGleann na Muaidhe áit a raibh deis ag daoine, i bhfad agus i gcéin, teacht le chéile le haghaidh Aifreann speisialta san ionad pobail, seoladh leabhair comórtha, damhsa scoile, comórtas peile ag comóradh daichead bliain de Chumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, rí agus banríon na féile, seisiún ceoil agus amhránaíochta, agus aifreann chuimhneacháin sa teampall áitiúil. Ba mhaith leis an gCoiste Eagrúcháin buíochas mór a ghlacadh le chuile dhuine a thacaigh leis an imeacht rathúil.

Tá plean oibre timpeallachta an chomharchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Nuair a d'fhógair an Taisce gradaim an Chósta Ghlais 2018 i mí Meitheamh ainmníodh trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta timpeallachta seo amach. Tá an gradam bunaithe ar thimpeallacht neamhmhillteach, caighdeán ard uisce a chomhlíonann treoracha an Aontas Eorpach, agus áilleacht nádúrtha.

Cuireann an comharchumann eolas / cuidiú ar fáil do choistí deonacha ar chonas tograí a fhorbairt agus a bhainistiú, foinsí maoinithe arl. Tá eolas agus foirmeacha iarratais le fáil ar scéimeanna éagsúla cosúil le deiseanna traenála agus forbairt fiontair, maraon le seirbhísí cóipéala, laminating agus facs. Foilsítear Nuachtlitir Chill Chomáin, nuachtlitir ceathrú, a chuireann guth ar fáil don phobal agus a choinníonn an pobal ar an eolas ar chúrsaí reatha.

At the Annual General Meeting of Comhar Dún Chaocháin Teo in the Seanscoil on 28th November a progress report for 2018 was presented.

The promotion and preservation of the Irish language is one of the main objectives of Comhar Dún Chaocháin Teo. Irish language courses and Irish translation services are organized in *Ionad Seirbhísí Teanga na Seanscoile* (Language Centre) in Ceathrú Thaidhg where a special-purpose training room houses a library of learning resource materials. The co-operative is a member of '*Gaeilge Iorrais'* which has been selected by Údarás na Gaeltachta as the lead language planning organization in the North Mayo Gaeltacht region. A programme of language-based activities was also organized as part of Seachtain na Gaeilge in association with Conradh na Gaeilge.

Among the target groups catered for by the comharchumann (co-op) are pre-school children. Naíonra Dhún Chaocháin in Ceathrú Thaidhg and Naíonra Ghleann na Muaidhe in Glenamoy are both community run, Irish language pre-school services which provide for the needs of children and their parents in these areas. These childcare projects currently receive funding from the Irish Government under the National Development Plan 2007 - 2013 through The National Childcare Investment Programme. Tusla (Child and Family Agency), Mayo County Childcare Committee and Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo also provide assistance and advice.

In July Irish Summer Camps, which offer recreational, educational and cultural activities for local pre-school and primary school children, were organised in Ros Dumhach and Gleann na Muaidhe in conjunction with Muintearas Teo, with the assistance of funding received from Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta.

The Na Comhluadair Bheo project aims to raise the profile of the area as a tourism product or destination. To help achieve this, a website has been designed which can be viewed at www.gaeltacht.info where a choice of holiday packages is available to cater for visiting groups.

On the invitation of Gaeltacht an Oileáin Úir (a Gaeltacht community based in Ontario, Canada), two representatives from Comhar Dún Chaocháin Teo visited Newfoundland at the end of May, where they and others met with various community groups. A proposal has been made to foster links between Gaeltacht an Oileáin Úir and Ceathrú Thaidhg.

The Ceathrú Thaidhg loop walks (Lúb Chlann Lir, Lúb an Chlaí Dhuibh and Lúb na Binne Buí) continue to attract visitors to the area and guided walks were organised during the year. Starting and finishing at the Seanscoil

community centre, each loop is waymarked and colour-coded according to its level of difficulty. A bi-lingual information board and brochure provide details on trail directions and points of interest en route. In October Mayo County Council granted funding of €6225 under the Community Enhancement Programme to carry out essential improvement and enhancement works on these walks for the enjoyment of all users.

The *Táin Bó Fliodhaise* is a first century mythical saga describing a cattle raid which brought Queen Meadhbh and her army from Ráth Chruacháin in County Roscommon on a journey through Mayo, to reach their final destination at Ráth Muireagáin in Erris. A working group has carried out research on this Mayo Táin with a view to highlighting its potential as a linguistic, cultural and tourism product in the context of the great Irish cattle raids. Developments this year included creating links with the community of Argyll in Scotland, a weekend festival and symposium in June, the publication of a brochure and comprehensive 256-page book, an art exhibition, and surveys of potential walking routes.

On National Culture Night, 21st September, an exhibition of paintings entitled *'Landscapes of the Gamhanraidh in Erris and Beyond'* was launched in Áras Inis Gluaire, Áisleann Bhéal an Mhuirthead by Senator Rose Conway Walsh. The artworks by Diana Taylor, Anthony Brogan and schoolchildren from Gleann na Muaidhe, Ros Dumhach agus Ceathrú Thaidhg National schools depict the landscapes, sites and scenes associated with the story of the Cattle Raid of Mayo.

At Barr na Rinne overlooking Port a' Chlóidh Bay a former look out post, known locally as Teachaín a' Watch, was located. These look-out posts were built around the coast during World War II for the Coastwatching Service by the Office of Public Works. Unfortunately, this historic landmark was the victim of a storm which decimated the building. The committee made enquiries with the relevant authorities to ascertain if the building can be re-erected and preserved and were given a commitment by the Air Corps that it would assist with the transportation of the necessary materials on site.

As part of National Heritage Week Dr Michael Kennedy (archivist in the Military Archives of The Royal Irish Academy) gave a talk and slideshow presentation in the Seanscoil on the crucial role the look-out posts played during the War. This event was funded by the Heritage Office of Mayo County Council.

Many groups visited the parish of Cill Chomáin during the year including a group of students from Boston College, accompanied by their academic director Dr. Rita Donoghue. The students, who are studying Heritage Studies, are spending a term at NUI Galway as part of their study abroad experience. Their visits included a guided walk with Uinsíonn Mac Graith where they gained an insight into the rich cultural heritage of the area.

At the end of July people travelled from far and wide to attend a weekend of events celebrating the Glenamoy School Reunion. The programme included the celebration of a special mass in the community centre, the launch of a commemorative book, the school reunion dance, a football competition to celebrate 40 years of Cill Chomáin GAA, the festival King and Queen, a session of music and song and a remembrance mass in the local graveyard. The Reunion Committee would like to thank everyone who supported the event which was a great success.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental workplan submitted by the co-operative. When An Taisce

announced the 2018 National Green Coast Awards in June, Port a' Chlóidh beach was named as one of the recipients of this environmental award. The award is based on a pristine environment, excellent water quality which complies with E.U. regulations, and natural beauty.

Comhar Dún Chaocháin Teo's office provides information/assistance to voluntary groups in relation to developing and managing projects, sourcing funding etc. Information and application forms are available on various schemes including training opportunities and enterprise development, as well as photocopying, laminating and fax services. Nuachtlitir Chill Chomáin, a community newsletter, is published four times a year providing a voice for the local community and an update on development issues.

Ráiteas ó Ghaeilge Iorrais / Statement from Gaeilge Iorrais

De réir Acht na Gaeltachta 2012, caithfidh chuile phobal Gaeltachta plean teanga a réiteach agus a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid na Gaeilge ina cheantar. Tá Gaeilge Iorrais freagrach as an bpróiseas seo a stiúradh i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh, i gcomhar le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara. Tá cónaí ar 7,199 duine nó thart ar 70% de dhaonra na Gaeltachta i Maigh Eo sa cheantar fairsing seo, ina bhfuil na toghroinn ceantair An Geata Mór Theas, An Geata Mór Thuaidh, Béal an Mhuirthead, Cnoc an Daimh, Moing na Bó, Cnoc na Lobhar, Barr Rúscaí, Gleann na Muaidhe, Béal Deirg Mór, Gleann Chaisil, Na Monga, Cnoc na Ráithe agus Guala Mhór Ionnaithe.

*Ceapadh an Dr Laoise Ní Dhúda mar chomhairleoir pleanála teanga neamhspleách chun an obair seo a chomhordú. Tar éis próiseas chuimsitheach chomhairliúcháin, cuireadh **Plean Teanga Mhaigh Eo Thuaidh (2018-2024)** le chéile, ina leagtar amach 34 beart in 11 réimse difriúil. Cuireadh an plean faoi bhráid Údarás na Gaeltachta agus ansin chuig An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. I mí Lúnasa fógraíodh go raibh deontas de €100,000 ceadaithe don chéad bhliain. Tar éis an próiseas earcaíochta molta a leanúint ceapadh Laoise mar Oifigeach Pleanála Teanga agus beidh sí réidh le tabhairt faoin obair go luath i 2019. Le comhoibriú agus dea-thoil an phobail agus tacaíocht chuí ó na heagrais stáit tá súil againn go mbeidh todchaí dearfach i ndán don Ghaeilge i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh.*

Under Acht na Gaeltachta 2012 every Gaeltacht community must prepare and implement a language plan to support and develop Irish language use in their area. Gaeilge Iorrais is responsible for overseeing this process in Maigh Eo Thuaidh (North Mayo Gaeltacht area), in consultation with local communities and various stakeholders. 7,199 people or circa 70% of the Mayo Gaeltacht population live in this vast area, which includes the District Electoral Divisions of An Geata Mór Theas, An Geata Mór Thuaidh, Béal an Mhuirthead, Cnoc an Daimh, Moing na Bó, Cnoc na Lobhar, Barr Rúscaí, Gleann na Muaidhe, Béal Deirg Mór, Gleann Chaisil, Na Monga, Cnoc na Ráithe and Guala Mhór.

Dr Laoise Ní Dhúda, an independent language planning advisor, was appointed to facilitate and co-ordinate the work required. Following an extensive consultation process, the **North Mayo Language Plan (2018-2024)** was compiled where 34 recommendations or specific measures are proposed in 11 key areas. The plan was submitted to Údarás na Gaeltachta and then forwarded to the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht for its approval. In August it was announced that funding of €100,000 was granted for the first year. Following the recommended recruitment procedure Laoise was appointed Language Planning Officer and she will begin the implementation of the Irish language plan early in 2019. With the co-operation and goodwill of the community as well as the necessary support from the relevant state agencies we hope that the Irish language has a positive future in the North Mayo Gaeltacht area.

Tuilleadh eolais: 097- 85727 nó gaeilgeiniorras@gmail.com

Scéalta Eile / Other News

Ranganna Gaeilge / Irish Classes

Tá ciorcal comhrá ar siúl in Ionad Taighde agus Staidéir Bhéal Deirg chuile oíche Dé Máirt ag 8.00 i.n. Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuinín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Tá breis eolais le fáil ó Chomhar Dún Chaocháin Teo ag 097 88082.

Conversational Irish classes are held in Béal Deirg Research and Study Centre every Tuesday at 8.00 p.m. Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. For further information, please contact Comhar Dún Chaocháin Teo on 097 88082.

Ag brath ar éileamh beidh Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin ag eagrú ranganna comhrá Gaeilge sa Club-theach i nGleann na Muaidhe. Bun rang a bhéas i gceist le cuidiú leat d'fhoclóirín agus do líofacht sa teanga a fheabhsú. Beidh fáilte roimh chuile dhuine gur mian leo snas nó feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Pending sufficient demand Cill Chomáin G.A.A. plans to organize conversational Irish classes in the Club-house, Gleann na Muaidhe. This will be a class for Beginners to help improve your vocabulary and fluency in the language. Anyone who would like to improve on their existing ability is welcome to attend in a welcoming and informal setting. Bain trial as an cúpla focal.

Oíche Ghaelach / Irish Night

Bhí 'Oíche Ghaelach' - oíche mhór cheoil, damhsa agus shiamsaíochta i dTeach hÉalaí, Gleann na Muaidhe ar an 24ú Samhain mar chuid d'imeachtaí Bliain na Gaeilge 2018. Ba é Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin, le tacaíocht ó Ghlór na nGael, a bhí i mbun an eagrúcháin. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh le Micheál agus Bernie Mac Aindriú, leis na ceoltóirí Vincent Mac Graith agus Ray Ó Corrduibh, leis na damhsóirí ó Scoil Damhsa Nessa Ní Chuimlín, agus leis na daoine a rinne urraíocht ar na duaiseanna don raifil.

As part of Bliain na Gaeilge 2018 an *Oíche Ghaelach* – an Irish Night of traditional music and dancing and siamsaíocht was organized in The Angler's Rest, Glenamoy by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin with the support of Glór na nGael. The occasion was a celebration of Irish traditions. The committee would like to thank Micheál and Bernie Mc Andrew, the musicians Vincent Mc Grath and Ray Corduff, the dancers from the Nessa Timlin School of Dancing and everyone who sponsored prizes for the raffle.

Cash for Clobber

Tá Naíonra Ghleann na Muaidhe ag eagrú feachtais 'cash for clobber' faoi láthair. Má tá éadaí, braillíní, pluideanna, cuirtíní, brógaí, málaí, criosanna agus a leithéid agat, nach bhfuil ag teastáil uait, is féidir iad a thabhairt chuig an Naíonra idir 9.30 r.n. agus 1.00 i.n. ó Luan go hAoine. Tá breis eolais le fáil ó Mháire Cáit ag 087 9714395. Naíonra Ghleann na Muaidhe is organizing a 'cash for clobber' initiative at present. If you have clothes, bed linen, curtains, shoes, bags, belts etc which you no longer require and would like to donate them please contact Máire Cáit on 087 9714395. Materials can be dropped off at the Naíonra between 9.30 a.m. and 1.00 p.m. from Monday to Friday or can be collected by prior arrangement.

Ranganna Ealaíne / Art Classes

Eagraíodh ranganna ealaíne le béim ar tarraingt agus peinteáil le acrylic sa Seanscoil faoi stiúir John Monaghan. Rinneadh Clár Leader Oirthuaisceart Mhaigh Eo páirt-mhaoiniú ar an gcúrsa faoin gclár SICAP.

Art classes with an emphasis on drawing and painting with acrylics were organized in the Seanscoil under the tuition of John Monaghan. The course was part-funded by Mayo North East Leader Partnership Company under the SICAP Programme.

Damhsa Traidisiúnta agus Ceol / Traditional Dancing and Music Classes

Eagraítear ranganna damhsa traidisiúnta agus ceol sa Seanscoil chuile Aoine le Nessa Ní Chuimlín, a bhfuil céim sa Damhsa agus Ceol Gaelach bainte amach aici ó Ollscoil Luimnigh. Déanann na ranganna freastal ar chuile aoisghrúpa idir páistí agus daoine fásta. Bíonn ranganna damhsa le haghaidh páistí ar siúl óna 5.00 i.n. go 7.30 i.n. ; ranganna ceoil óna 7.30 i.n. go 8.30 i.n. ; agus ranganna damhsa le haghaidh daoine fásta óna 8.30 i.n. go 9.30 i.n. Tá breis eolais le fáil ó Nessa ag 086 6686803 nó ar an ríomhphost ag nessatimlinschool@gmail.com

Traditional Irish Dancing and Music Classes are held in the Seanscoil every Friday with tuition provided by Nessa Timlin who has a Bachelor of Arts in Irish Music and Dance from the University of Limerick. All age groups and dance levels are catered for from children to adults. Dancing classes for children are organized from 5.00 p.m. to 7.30 p.m.; music lessons from 7.30 p.m. to 8.30 p.m.; and dancing classes for adults from 8.30 p.m. to 9.30 p.m. For further information please contact Nessa on 086 6686803 or e-mail nessatimlinschool@gmail.com or dunchaochain1@eircom.net

Ceiliúradh an Bhunoideachais i nGleann na Muaidhe



Déanann an leabhar 'Celebrating Primary Education in Glenamoy – Ceiliúradh an Bhunoideachais i nGleann na Muaidhe' cur síos ar stair an bhunoideachais sa gceantar sin. Tá agallaimh ann le scolairí a d'freastal ar an tseanscoil (atá mar ionad pobail anois) agus ar scoil an lae inniu maraon le béaloideas, scéalta, amhráin agus grianghraif scoile a thabharfaidh an léitheoir ar thuras siar ar bhóithrín na smaointe. Tá an leabhar le fáil ag an Angler's Rest ar chostas €10. (cuir glaoch ar 097 87867 le haghaidh sonraí)

The book *Celebrating Primary Education in Glenamoy - Ceiliúradh an Bhunoideachais i nGleann na Muaidhe,* which was compiled by Treasa Ní Ghearraigh and Uinsíonn Mac Graith on behalf of the Glenamoy School Reunion Committee, describes the history of primary school education in Glenamoy and includes interviews with students who attended the former school (now the community centre) and the present-day school. It also includes folklore, stories, songs and school photographs to take the reader on a

journey down memory lane. The book is for sale at The Angler's Rest - price €10. (please contact 097 87867 for further details).

Táin Bó Mhaigh Eo - The Cattle Raid of Mayo - The History and Heritage of the Táin Bó Fliodhaise



Os cionn dhá bhliain ó shin cuireadh coiste deonach ar bun (faoi scáth Chomhar Dún Chaocháin Teo) le aird a tharraingt agus forbairt a dhéanamh ar an 'Táin Bó Fliodhaise'. Ar an gcoiste seo tá Antaine Ó Brógáin, Séamas Mac Einrí, Treasa Ní Ghearraigh, Conchúir Ó Cionga, Diana Ní Thailliúr, Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, Pádraig Ó Loinn, Séamas Mac Giolla Bhearaigh, Uinsíonn Mac Graith, Pádraig Mac Lochlainn, agus go deiridh Liam Ó Laighin. Go dtí seo eagraíodh féilte agus taispeántas ealaíne, agus cruthaíodh nascanna le pobal Argyll in Albain, áit ar scríobhadh an scéal i Scríbhinn Ghleann Mhasáin. Is í an chéad chéim eile ná foilseachán an leabhair 'Táin Bó Mhaigh Eo – Táin Bó Fliodhaise' chun an scéal eachtraíochta, mealltach seo a chur faoi bhráid an phobail i gcoitinne. Fuair an tionscnamh tacaíocht ó hÚdarás na Gaeltachta a rinne páirt-mhaoiniú air faoin scéim Fiontar Pobail 2018, ó Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus ón gComhairleoir Teresa Whelan faoin gCiste Pobail 2018.

Déanfaidh an craoltóir agus an t-iriseoir Liamy Mc Nally seoladh oifigiúil ar an leabhar in Ionad Ealaíne Bhéal an Átha ar Lá Fhéile Bríde, 1ú Feabhra ag 8.00 i.n. Ar an oíche chéanna beidh taispeántas ealaíne ag léiriú an tírdhreach agus na láithreáin seanda atá ceangailte le Táin Mhaigh Eo le ábhar ealaíne ó Diana Taylor, Anthony Brogan agus páistí bunscoile ó scoileanna náisiúnta Gleann na Muaidhe, Ros Dumhach agus Ceathrú Thaidhg. Tá súil againn go mbeidh sibh inár gcomhluadar ag an ócáid speisialta seo.

Over two years ago a voluntary committee (under the auspices of Comhar Dún Chaocháin Teo) whose members are Anthony Brogan, Jim Henry, Treasa Ní Ghearraigh, Niall King, Diana Taylor, Micheál Ó Seighin, Caitlín Uí Sheighin, P.J. Lynn, Jim Gilvarry, Uinsíonn Mac Graith, Pat Mc Loughlin, and more recently Billy Lyons, was set up to highlight and create an awareness of the Táin Bó Fliodhaise. To date, the committee has organized festivals, an art exhibition and created links with the community of Argyll in Scotland where the story was written by Medieval scribes in the Glenmasan Manuscript. The next part of our journey is the publication of the book *Táin Bó Mhaigh Eo - The Cattle Raid of Mayo - The History and Heritage of the Táin Bó Fliodhaise* which we hope will bring this epic story to a wider audience. This project received funding from Údarás na Gaeltachta under the Fiontar Pobail 2018 scheme, from Mayo County Council and from Councillor Teresa Whelan under the 2018 Community Fund.

The book will be officially launched in Ballina Arts Centre on Friday 1st February at 8.00 p.m. by well known broadcaster and journalist Liamy Mc Nally. There will also be an art exhibition entitled *Landscapes of the Gamhanraidh in Erris and Beyond* with artworks by Diana Taylor, Anthony Brogan and schoolchildren from Gleann na Muaidhe, Ros Dumhach and Ceathrú Thaidhg National schools depicting the landscapes, sites and scenes associated with the story.

We hope you can join us for this very special event.